Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

DRÉACHT

FODHLÍTHE CHOMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE (RIALÚ CAPALL), 2021

DRAFT

FODHLÍTHE CHOMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE (RIALÚ CAPALL), 2021

CUID I

1. Lua & Tosach Feidhme na bhFodhlíthe

2. Mínithe

CUID II

3. Limistéar faoi Rialú

4. Ceadúnas

5. Díolúintí ón gceanglas ceadúnas capaill a shealbhú

6. Rialú capall in áiteanna poiblí

7. Innilt in áit phoiblí

8. Capaill a choimeád i limistéar faoi rialú

9. Toirmeasc ar úinéir cóiríocht stábla a sholáthar do chapall sa teaghais nó capall a choimeád sa teaghais

10. Capall ag margadh nó aonach

11. Toirmeasc ar rásaíocht feithiclí arna dtarraingt ag capaill ar bhóithre poiblí

12. Urghabháil agus coinneáil

13. Capall arna choinneáil a dhiúscairt

14. Capall/Capaill a dhiúscairt de bhun Alt 39(2)(f) den Acht

15. Capaill arna gcoinneáil ar thrí (3) ócáid nó níos mó a dhiúscairt

16. Daoine údaraithe

17. Cionta

DRAFT

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di le Cuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37 de 2001) agus le hAilt 13, 17, 39 agus 40, 46 agus 47 den Acht um Rialú Capall, 1996 (Uimh. 37 de 1996), déanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe, leis seo, na Fodhlíthe seo a leanas i leith limistéar riaracháin Chathair na Gaillimhe.

CUID I

LUA AGUS TOSACH FEIDHME

1. Fodhlíthe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (Rialú Capall), 2021 is teideal do na Fodhlíthe seo

2. Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm an ___/____/_____

MÍNITHE

3. Sna Fodhlíthe seo, ach amháin má luaitear a mhalairt go sainráite, tá leis na focail seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh, faoi seach, leis seo, is é sin le rá:

ciallaíonn "Duine Údaraithe"	duine arna cheapadh nó arna ceapadh ag an gComhairle mar dhuine údaraithe faoi Alt 3 den Acht.
ciallaíonn "an tAcht"	an tAcht um Rialú Capall, 1996 (Uimh. 37 de 1996). Forléireofar tagairtí d'aon reacht nó ionstraim reachtach eile dá shamhail nó dá samhail mar thagairt don reacht nó don ionstraim arna leasú, arna mhodhnú nó arna modhnú, arna chomhdhlúthú nó arna comhdhlúthú nó arna leathnú.
ciallaíonn "an Chomhairle"	Comhairle Cathrach na Gaillimhe nó gníomhaire a bheidh ag gníomhú thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
ciallaíonn "Limistéar faoi Rialú"	limistéar feidhme na Comhairle arna dhearbhú ag an gComhairle gur limistéar faoi rialú é chun críocha Alt 17 den Acht.
ciallaíonn "Cúirtealáiste Teaghaise"	limistéar talún atá tadhlach le teaghais agus féadfar déanmhas a áireamh ann.
folaíonn "diúscairt"	díol nó tabhairt in aisce nó a chur faoi deara díothú a dhéanamh, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin.
ciallaíonn "Capall a Thiomáint"	capall a úsáid a bheidh curtha faoi úim d'fhonn trap, carráiste, cart nó aon fheithicil eile atá ceaptha lena tharraingt nó lena tarraingt ag capall.
ciallaíonn "Feirmeoir"	duine is sealbhóir ar uimhir thréada arna heisiúint ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun bólacht agus/nó caoirigh a

DRAFT

	choimeád.
ciallaíonn "Táillí"	an tsuim a bheidh le híoc ag úinéir nó coimeádaí capaill lena n-áirítear táillí agus caiteachais d'aon chineál arna dtabhú ag an gComhairle nó ag an gCeannfort i ndáil le hurghabháil, coinneáil, coimeád, cothabháil, cúram agus cothú, diúscairt, táillí tréidliachta, micrishliseadh, iompar chun an t-ainmhí a thabhairt ar ais don úinéir agus táillí riaracháin arna dtabhú ag an gComhairle nó ag an gCeannfort.
Folóidh "Cúig Lá"	Satharn, Domhnach agus Lá Saoire Poiblí.
Folaíonn "Capall"	asal, miúil agus ráineach.
ciallaíonn "Ceadúnas Capaill"	ceadúnas arna dheonú ag údarás áitiúil faoi Acht 20 den Acht.
ciallaíonn "Coimeádaí"	aon duine a mbeidh capall ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú cibé acu an é nó í úinéir an chapaill nó nach ea.
ciallaíonn "Úinéir Talún"	duine a bhfuil teideal aige nó aici chun eastáit, i bhfeo simplí, i seilbh na talún, nó chun leasa léasaigh ann ar feadh tréimhse nach giorra ná trí bliana.
tá le "Údarás Áitiúil"	an bhrí a thugtar dó le hAlt 2(1), arna leasú le hAlt 5(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus Cuid 1 de Sceideal 1 a ghabhann leis.
tá le "Feithicil Inneallghluaiste"	an bhrí a thugtar dó le halt 3 d'Acht na mBóithre 1961.
ciallaíonn "Úinéir"	aon duine a mbeidh capall ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú cibé acu an é/í coimeádaí an chapaill nó nach ea.
ciallaíonn "Pas"	doiciméad sainaitheantais eachaí.
ciallaíonn "Póna"	póna dá bhforáiltear faoin Acht Pónaí (Soláthar agus Cothabháil), 1935, nó póna príobháideach (de réir bhrí alt 5 d'Acht na nAinmhithe, 1985).
folaíonn "Áitreabh"	aon teach nó talamh nó uisce agus aon déanmhas daingnithe nó sochorraithe sa teach sin nó ar an talamh sin nó san uisce sin agus folaíonn sé soithí, feithiclí, traenacha, aerárthaí agus modhanna iompair eile freisin.
ciallaíonn "Áit Phoiblí"	aon sráid, bóthar, cladach, páirc, talamh, gort nó áit eile ar a bhfuil rochtain ag an bpobal, cibé acu de cheart nó le cead é, cibé acu i dteannta feithiclí nó dá n-éagmais, agus cibé acu faoi réir muirir nó saor ó mhuirear é.

DRAFT

tá le "Bóthar Poiblí"	"bóthar poiblí", "bóthar", "coislí" agus "cosán" an bhrí a shanntar dóibh le halt 2(1) d'Acht na mBóithre, 1993.
ciallaíonn "Rás"	rás, triail luais, cúiteamh nó tástáil inar gá do rannpháirtithe achar áirithe a thaisteal i bhfeithicil arna tarraingt ag capall chomh tapa agus is féidir, nó imeacht nó ócáid inar gá feithicil arna tarraingt ag capall a thiomáint de luas nimhe agus a ndéantar leas an chapaill a chur i mbaol dá bharr nó dá barr.
ciallaíonn "Rialacháin"	rialacháin arna ndéanamh ag an Aire cuí de réir a chumhachtaí/cumhachtaí faoin Acht nó faoi aon reacht nó achtachán eile.
ciallaíonn "Athshocrú"	diúscairt trí thabhairt in aisce.
ciallaíonn "Feidhm Fhorchoimeádta"	feidhm fhorchoimeádta chun críche achtacháin a bhaineann le bainistiú an Údaráis Áitiúil.
ciallaíonn "Capall Fáin"	capall a dhealraíonn a bheith ag fánaíocht, caillte, tréigthe nó gan duine a bheith leis (bíodh an capall ar teaghrán nó ná bíodh), a ndealródh sé go bhfuil sé faoina chúram nó faoina cúram, in áit phoiblí nó ar aon áitreabh gan toiliú an úinéara nó an áititheora.
ciallaíonn "Ceannfort"	Ceannfort an Gharda Síochána don limistéar ina ndéantar capall a urghabháil nó a choinneáil faoi fhoráil an Achta nó an Ceannfort Gníomhach, arna cheapadh nó arna ceapadh go cuí de réir na reachtaíochta iomchuí.
ciallaíonn "Cleachtóir Tréidliachta"	aon duine atá cláraithe de thuras na huaire i gClár na gCleachtóirí Tréidliachta arna bhunú agus arna chothabháil faoin Acht um Chleachtadh Tréidliachta, 2005.

CUID II

<u>LIMISTÉAR FAOI RIALÚ</u>

4. (a) Is Limistéar faoi Rialú atá i limistéar iomlán Chathair na Gaillimhe, agus dearbhaítear amhlaidh leis seo, chun críche an Achta agus na bhFodhlíthe seo.

(b) Chun críocha an Achta agus na bhFodhlíthe seo, folóidh an Limistéar faoi Rialú an t-imeall trá (de réir bhrí an Achta Imeall Trágha, 1933) i ngach limistéar inarb é an líne lán bharr farraige, nó abhainn taoide nó loch taoide Teorainn na Cathrach.

<u>CEADÚNAS</u>

5. (a) Faoi réir fhorálacha Rialachán 6 anseo thíos, ní dhéanfaidh aon duine capall a choimeád faoina chúram nó faoina cúram nó faoina rialú sa limistéar faoi rialú gan

DRAFT

ceadúnas capaill reatha, arna eisiúint ag an gComhairle, agus a bheidh i bhfeidhm maidir leis an gcapall sin.

(b) Ní dhéanfaidh aon duine capall a choimeád faoina chúram nó faoina cúram nó faoina rialú mura rud é:
   (i) go ndéanfar an capall, más tar éis an 1 Iúil 2009 a rugadh é, a mhicrishliseadh laistigh de sé mhí, nó sa bhliain chéanna inar rugadh é, cibé tréimhse acu is faide.
   (ii) go mbeidh Pas Capaill bailí ag an gcapall arna eisiúint in ainm an úinéara reatha ag údarás eisiúna a bheidh údaraithe chun pas capall a eisiúint.

DÍOLÚINTÍ ÓN gCEANGLAS CEADÚNAS CAPAILL A SHEALBHÚ

6. Maidir leis an toirmeasc faoi Alt 18 den Acht ar chapall a choimeád gan ceadúnas capaill i limistéar faoi rialú, ní bheidh feidhm aige maidir le;
   (i) Capall sa limistéar faoi rialú a tugadh isteach sa limistéar faoi rialú le haghaidh giomcána, díol nó taispeáint capall, nó aon imeacht de chineál eachaí a mbeidh cead ina leith tugtha i scríbhinn ag an gComhairle roimh ré, ar lá na himeachta agus ó mheán lae an lá roimhe sin go dtí meán lae an lá tar éis na himeachta, ar choinníoll go mbeidh saoráidí leordhóthanacha de shamhail na gcinn sin a leagtar amach sna Fodhlíthe seo ann;
   (ii) Úinéirí nó coimeádaithe capall folaíochta a bheidh arna gcoimeád, á gcur faoi oiliúint nó arna bpórú chun páirt a ghlacadh i rás-chruinnithe, arna seoladh faoi na Rialacha Rásaíochta, de réir mar atá leagtha síos ag an *Turf Club* nó an *Irish National Hunt Steeplechase Committee*.
   (iii) Capall ar úinéireacht agus arna choimeád i limistéar feidhme Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag;
      i. feirmeoir;
      ii. duine ar comhalta é nó í de Chlub Fiaigh atá cleamhnaithe le Cumann Seilge na hÉireann;
      iii. duine is oibreoir bona fide scoile marcaíochta nó ionaid eachaíochta ar bhonn tráchtála;
      iv. duine ar féidir leis nó léi a chruthú don Chomhairle go bhfuil sé nó sí in áitiú, bona fide, tailte atá leordhóthanach don chapall nó do chapaill ina sheilbh no ina seilbh, i gcomhréir le treoirlínte um leas ainmhithe arna bhfoilsiú ag an gComhairle Chomhairleach um Leas Ainmhithe Feirme agus a bhfuil fianaise dhoiciméadach aige nó aici gurb é nó í úinéir na talún nó má tá an talamh ar chíos, fianaise maidir le comhaontú cíosa ar feadh tréimhse nach giorra ná aon mhí dhéag (11) arna shíniú ag an úinéir talún agus lena dtugtar cead an capall a choimeád ar a mhaoin/maoin.
   (iv) Aonad Capall an Gharda Síochána
   (v) tréidlia a mbeidh capall á choimeád aige nó aici sa limistéar chun cóir tréidliachta a fháil.

DRAFT

(vi) duine a mbeidh capall á ghlacadh, á choinneáil nó á dhiúscairt aige nó aici faoi shocrú leis an gComhairle nó le Ceannfort den Gharda Síochána.

RIALÚ CAPALL IN ÁITEANNA POIBLÍ

7. Ní dhéanfaidh duine capall a choimeád, a mharcaíocht nó a thiomáint gan fearas a bhfuil rothaí faoi a bheith ceangailte den chapall sin, ar fearas é chun duine nó daoine a iompar air, ar bhóthar poiblí nó in áit phoiblí, mura mbeidh an duine sin os cionn 16 bliana d'aois agus mura mbeidh adhastar arna fheistiú go cuí ar an gcapall sin agus mura mbeidh sé faoi rialú an duine sin chun díobháil nó núis do dhaoine nó damáiste do mhaoin a chosc.

INNILT IN ÁIT PHOIBLÍ

8. Ní dhéanfaidh aon duine, aon tráth nó in aon áit, aon chapall a ligean amach chun innilt nó beathú a dhéanamh ná ligean dó dul ar seachrán nó fanacht in aon áit phoiblí gan toiliú i scríbhinn ón gComhairle.

CAPAILL A CHOIMEÁD I LIMISTÉAR FAOI RIALÚ

9. I gcás go ndéanfar capall a choimeád faoi cheadúnas capaill arna dheonú ag an gComhairle ag áitreabh laistigh den limistéar faoi rialú, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas;
   (i) Is é nó í an duine a mbeidh an capall á choimeád aige nó aici úinéir nó áititheoir dleathach an áitribh agus/nó na talún ar a gcoimeádfar é.
   (ii) Beidh an t-áitreabh, gach tráth, oiriúnach maidir le déanmhas, méid, líon na n-áititheoirí, soilsiú, aeráil, silteán agus glaineacht. Déanfar fálú leordhóthanach a sholáthar chun a chosc ar an gcapall dul ar seachrán.
   (iii) Déanfar achar aclaíochta de thomhas leordhóthanach a sholáthar don chapall.
   (iv) Beidh soláthar leordhóthanach d'uisce inólta ar fáil i gcónaí.
   (v) Déanfar méid leordhóthanach de bhia folláin agus oiriúnach a thabhairt don chapall.
   (vi) I gcás nach mbeidh an capall ar féarach, déanfar bia a stóráil in áit thirim, shlán agus oiriúnach agus solátháthrófar ábhar easrach atá oiriúnach.
   (vii) I gcás go ndéanfar an capall a choimeád ar féarach, déanfar féarach agus dídean leordhóthanach a chothabháil gach tráth don chapall.
   (viii) Tabharfar scíth agus aclaíocht leordhóthanach don chapall go tráthrialta.
   (ix) Déanfar gach réamhchúram réasúnach chun leathadh galar aicídeach nó tógálach i measc capall a chosc nó a rialú.
   (x) Tabharfar aire dhóthanach don chapall, lena n-áirítear cúram tréidliachta.
   (xi) Glacfar dóthain cúraim chun an capall a chosaint má thosaíonn dóiteán.

DRAFT

(xii) Ní úsáidfear ach trealamh agus úim a bheidh oiriúnach chun na gcríoch i dtaca leis an gcapall.

(xiii) Déanfar cóiríocht leordhóthanach a sholáthar chun foráiste, easair, trealamh stábla agus diallatra a stóráil.

(xiv) Déanfar aoileach nó ábhar míthaitneamhach nó colúil eile a bhaint nó a dhiúscairt ar mhodh cuí a luaithe agus is féidir gan núis a chruthú d'úinéirí nó d'áititheoirí atá tadhlach.

(xv) Déanfar an t-áitreabh ina ndéanfar agus/nó an talamh ar a ndéanfar capall a choimeád a chlárú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, de réir na Rialacháin um Rialú ar Áiteanna ina gCoinnítear Capaill, 2014 (I.R. Uimh. 113 de 2014).

TOIRMEASC AR ÚINÉIR CÓIRÍOCHT STÁBLA A SHOLÁTHAR DO CHAPALL SA TEAGHAIS NÓ CAPALL A CHOIMEÁD SA TEAGHAIS

10. Ní dhéanfar aon chapall nó capaill a choimeád ná ní dhéanfar cóiríocht stábla a sholáthar dó nó dóibh laistigh de chúirtealáiste aon tithe cónaithe sa limistéar faoi rialú, ach amháin de réir na bhFodlíthe seo.

CAPALL AG MARGADH NÓ AONACH

11. I gcás go dtabharfar capall chuig margadh nó aonach, beidh úinéir nó coimeádaí an chapaill freagrach as agus cinnteoidh sé nó sí na nithe seo a leanas:
    (i) Beidh dóthain bia agus uisce inólta ar fáil gach tráth
    (ii) Beidh an trealamh agus an úim go léir a úsáidfear i dtaca leis an gcapall oiriúnach chun na críche
    (iii) Déanfar gach réamhchúram chun leathadh galar aicídeach nó tógálach i measc capall a chosc nó a rialú
    (iv) Tabharfar aire dhóthanach don chapall, lena n-áirítear cúram tréidliachta
    (v) Glacfar dóthain cúraim chun an capall a chosaint má thosaíonn dóiteán.

TOIRMEASC AR RÁSAÍOCHT FEITHICLÍ ARNA DTARRAINGT AG CAPAILL AR BHÓITHRE POIBLÍ

12. (a) Ní dhéanfaidh aon duine a bheidh faoi bhun 16 bliana d'aois, go díreach nó go neamhdhíreach, páirt a ghlacadh i rás feithicle arna tarraingt ag capall ar bhóthar poiblí laistigh de chathair na Gaillimhe.

(b) Faoi réir Fhodhlí 12 (c), ní dhéanfaidh duine, go díreach nó go neamhdhíreach, mar bhreathnóir nó ar shlí eile, cibé acu de chois nó nach ea, nó i bhfeithicil inneallghluaiste nó ar fheithicil inneallghluaiste, páirt a ghlacadh i rás lena mbaineann feithicil arna tarraingt ag capall ná gabháil don chéanna is cuma an rannpháirteachas gníomhach nó neamhghníomhach an rannpháirteachas sin, ar bhóthar poiblí laistigh de chathair na Gaillimhe.

DRAFT

(c) Ní oibreoidh Fodhlí 12 (b) chun rás lena mbaineann feithicil arna tarraingt ag capall a chosc ar rás é a mbeidh cead faighte ina leith faoi Ailt 74 agus 75 d'Acht na mBóithre, 1993.

URGHABHÁIL AGUS COINNEÁIL

13. I gcás go ndéanfar capall a urghabháil agus a choinneáil laistigh den limistéar faoi rialú, de bhun Acht 37 den Acht, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas;

(i) Déanfar fógra maidir leis an gcapall a urghabháil agus a choinneáil, mar a leagtar amach i bhFoirm 1 de Sceideal A, nó cibé foirm dá samhail a chinnfidh an Chomhairle ó am go ham, a sheirbheáil i scríbhinn ar úinéir nó coimeádaí an chapaill, más eol sin agus más féidir é nó í a aimsiú laistigh de chúig lá

(ii) I gcás nach eol úinéir nó coimeádaí an chapaill, déanfar an fógra maidir leis an gcapall a urghabháil agus a choinneáil, mar a leagtar amach i bhFoirm 2 de Sceideal A, nó cibé foirm dá samhail a chinnfidh an Chomhairle ó am go ham, a thaispeáint in oifig an Gharda Síochána, Stáisiún Gharda Síochána Shráid an Mhuilinn, Sráid an Mhuilinn, Gaillimh agus ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, agus ar shuíomh gréasáin na Comhairle, www.galwaycity.ie.

(iii) Féadfar seirbhísí cuí Chleachtóra Tréidliachta a sholáthar más gá.

(iv) Féadfaidh an Chomhairle nó an Ceannfort na táillí póna go léir is iníoctha i leith an chapaill/na gcapall a ghnóthú ón úinéir nó ón gcoimeádaí, mar aon le gach costas agus caiteachas eile nó aon chostas nó caiteachas eile, lena n-áirítear táillí a bhaineann le hurghabháil, coinneáil, coimeád, cothabháil, cúram, cothú, diúscairt, táillí tréidliachta, micrishliseadh, iompar agus táillí riaracháin arna dtabhú ag an gComhairle nó ag an gCeannfort.

(v) Faoi réir Alt 39 (1) (a), (b) agus (c), Alt 39 (5) agus Alt 40 den Acht, féadfar capall arna urghabháil faoi Alt 37 den Acht a scaoileadh saor chuig úinéir nó coimeádaí an chapaill ar na nithe seo a leanas a sholáthar don Chomhairle;

i. Cruthúnas ar shainaitheantas an úinéara nó an choimeádaí trí phas, ceadúnas tiomána nó foirm eile de shainaitheantas fótagrafach dlisteanach a mheasfaidh an Chomhairle, dá lánrogha féin, a bheith inghlactha

ii. Cruthúnas ar úinéireacht an chapaill

iii. Pas an chapaill nó cruthúnas ar iarratas comhlánaithe reatha

iv. Cruthúnas ar thaifead an áitribh ina bhfuil an capall le coimeád ar Chlár na nÁitreabh Capall, de réir fhorálacha na Rialacháin um Rialú ar Áiteanna ina gCoinnítear Capaill, 2014 (I.R. Uimh. 113 de 2014)

v. Ceadúnas capaill atá i bhfeidhm de thuras na huaire, arna dheonú ag an gComhairle, más rud é go gcoimeádtar an capall sa limistéar faoi rialú, nó ag údarás áitiúil eile má bheartaítear an capall a choimeád i limistéar faoi rialú an údaráis áitiúil sin

DRAFT

vi. Fianaise go ndearnadh an capall a mhicrishliseadh agus a chlárú de réir fhorálacha Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Céannú Eachainmhithe), 2014

vii. Íocaíocht ar na táillí go léir is iníoctha leis an údarás áitiúil a d'eascair as urghabháil agus coimeád an chapaill agus arna n-éileamh de bhun fhorálacha na bhFodhlíthe seo

viii. Fianaise dhoiciméadach go bhfuil dóthain talún chun an capall a chothabháil ar úinéireacht ag an úinéir nó ag an gcoimeádaí, nó má tá an talamh ar chíos, fianaise maidir le comhaontú cíosa ar feadh tréimhse nach giorra ná aon mhí dhéag (11) arna shíniú ag an úinéir talún agus lena dtugtar cead an capall a choimeád ar a mhaoin/maoin

(vi) Más rud é go mainneoidh úinéir nó coimeádaí an chapaill é/í féin a chur i bhfios don Chomhairle nó nach féidir é nó í a aimsiú laistigh de thréimhse chúig lá ó dháta na hurghabhála agus na coinneála, féadfaidh an Chomhairle nó an Ceannfort an capall a dhiúscairt de réir na bhFodhlíthe seo agus an Achta.

(vii) Más rud é gur eol úinéir nó coimeádaí an chapaill agus gur féidir é nó í a aimsiú laistigh de chúig lá tar éis dháta urghabhála agus coinneála an chapaill ach, ar iarraidh ón gComhairle nó ón gCeannfort nó ón duine a bheidh i bhfeighil na háite ina mbeidh an capall á choimeád, laistigh de chúig lá tar éis an fógra dá bhforáiltear faoi fhodhlí 14 (1) a sheirbheáil air nó uirthi (ach gan dáta na seirbheála a áireamh) go mainneoidh sé nó sí na nithe seo a leanas a sholáthar don Chomhairle;

ix. Cruthúnas ar shainaitheantas an úinéara nó an choimeádaí trí phas, ceadúnas tiomána nó foirm eile de shainaitheantas fótagrafach dlisteanach a mheasfaidh an Chomhairle, dá lánrogha féin, a bheith inghlactha

x. Cruthúnas ar úinéireacht an chapaill

xi. Pas an chapaill nó cruthúnas ar iarratas comhlánaithe reatha

xii. Cruthúnas ar thaifead an áitribh ina bhfuil an capall le coimeád ar Chlár na nÁitreabh Capall, de réir fhorálacha na Rialacháin um Rialú ar Áiteanna ina gCoinnítear Capaill, 2014 (I.R. Uimh. 113 de 2014)

xiii. Ceadúnas capaill atá i bhfeidhm de thuras na huaire, arna dheonú ag an gComhairle, más rud é go gcoimeádtar an capall sa limistéar faoi rialú, nó ag údarás áitiúil eile má bheartaítear an capall a choimeád i limistéar faoi rialú an údaráis áitiúil sin

xiv. Fianaise go ndearnadh an capall a mhicrishliseadh agus a chlárú de réir fhorálacha Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Céannú Eachainmhithe), 2014

xv. Íocaíocht ar na táillí go léir is iníoctha leis an údarás áitiúil a d'eascair as urghabháil agus coinneáil an chapaill agus arna n-éileamh de bhun fhorálacha na bhFodhlíthe seo

DRAFT

xvi. Fianaise dhoiciméadach go bhfuil dóthain talún chun an capall a chothabháil ar úinéireacht ag an úinéir nó ag an gcoimeádaí, nó má tá an talamh ar chíos, fianaise maidir le comhaontú cíosa ar feadh tréimhse nach giorra ná aon mhí dhéag (11) arna shíniú ag an úinéir talún agus lena dtugtar cead an capall a choimeád ar a mhaoin/maoin

Nó má mhainníonn sé nó sí ina dhiaidh sin an capall a aistriú ar iarraidh ón gComhairle, féadfaidh an Chomhairle nó an Ceannfort an capall a dhiúscairt de réir na bhFodhlíthe seo agus d réir fhorálacha an Achta.

CAPALL ARNA CHOINNEÁIL A DHIÚSCAIRT

14. I gcás go gcinnfidh an Chomhairle nó an Ceannfort capall atá á choinneáil a dhiúscairt, féadfaidh sí, nó sé nó sí, déanamh amhlaidh trí dhíol, trí dhíothú nó trí athshocrú.

CAPALL ARNA CHOINNEÁIL/CAPAILL ARNA gCOINNEÁIL DE BHUN ALT 39(2)(F) DEN ACHT A DHIÚSCAIRT

15. (a) I gcás go gcinnfidh an Chomhairle nó an Ceannfort diúltú capall arna choinneáil a scaoileadh saor;

(i) mar nach deimhin léi nó leis nó léi go ndéanfar cóiríocht agus cothú leordhóthanach, nó, i gás go gcoinneofar an capall faoi Alt 37(2) den Acht, cóir leordhóthanach tréidliachta, a sholáthar le haghaidh an chapaill nó;

(ii) go mbeidh cúis aici, nó aige nó aici, chun a chreidiúint go ndéanfar cruálacht ar an gcapall agus go mbeidh cinneadh déanta aici, nó aige nó aici, an capall a dhiúscairt, féadfar diúscairt an chapaill a dhéanamh trí dhíol, trí dhíothú nó trí athshocrú.

(b) I gcás go mbeartaítear capall a dhiúscairt faoin bhFodhlí, déanfaidh an Chomhairle nó an Ceannfort fógra i scríbhinn mar a leagtar amach i bhFoirm 3 de Sceideal A a chur chuig úinéir nó coimeádaí (ar eol cá bhfuil sé nó sí nó ar féidir é nó í a aimsiú go héasca) an chapaill, ina luafar an chúis/na cúiseanna leis an diúltú an capall a scaoileadh saor, agus aon tráth ar dhul in éag do thréimhse chúig lá ó dháta an fhógra go mbeartaítear an capall a dhiúscairt, go bhféadfaidh an t-úinéir nó an coimeádaí, laistigh den tréimhse sin, uiríll a dhéanamh chuig an gComhairle nó chuig an gCeannfort, de réir mar a bheidh, i gcoinne an togra.

(c) I gcás go mbeifear tar éis capall a dhiúscairt faoin bhFodhlí seo trí dhíol, coimeádfaidh an Chomhairle nó an Ceannfort, as fáltais na díola, méid is comhionann le costais, táillí agus caiteachais d'aon chineál i ndáil leis an gcapall agus arna dtabhú i ndáil le hurghabháil, coinneáil agus diúscairt an chapaill, más eol, agus déanfar aon iarmhéid a thabhairt ar ais do choimeádaí an chapaill, más eol, nó i gcás nach eol, coimeádfaidh an Chomhairle é.

DRAFT

(d) Sula gcinnfidh an Chomhairle nó an Ceannfort capall a dhiúscairt faoin bhFodhlí seo, breithneoidh sí, nó sé nó sí, ar dtús, aon uiríll a bheidh déanta chuici, nó chuige nó chuici, i scríbhinn ag an úinéir nó an coimeádaí.

CAPAILL ARNA GCOINNEÁIL AR THRÍ ÓCÁID NÓ NÍOS MÓ A DHIÚSCAIRT

16. (a) Ar chapall a dhiúscairt faoi Alt 40(1) den Acht, féadfaidh an Chomhairle nó an Ceannfort na táillí póna go léir is iníoctha i leith an chapaill a ghnóthú ó úinéir nó ó choimeádaí an chapaill, mar aon le gach costas agus caiteachas eile nó aon chostas nó caiteachas eile, lena n-áirítear táillí a bhaineann le hurghabháil, coinneáil, coimeád, cothabháil, cúram, cothú, diúscairt, táillí tréidliachta, micrishliseadh, iompar agus táillí riaracháin arna dtabhú ag an gComhairle nó ag an gCeannfort.

(b) I gcás go mbeartaítear go ndéanfaidh an Chomhairle capall a dhiúscairt faoi Alt 40(1) den Acht, déanfaidh an Chomhairle nó an Ceannfort;

i. fógra, mar a leagtar amach i bhFoirm 1 de Sceideal B nó cibé foirm dá samhail a chinnfidh an Chomhairle ó am go ham a chur ar taispeáint (fairis cibé leasú a dhealróidh a bheith riachtanach chun forálacha Alt 40(3) den Acht a chomhlíonadh) go poiblí ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh a luaithe is féidir, agus

ii. fógra i scríbhinn a eisiúint chuig coimeádaí an chapaill (ar eol cá bhfuil sé nó sí nó ar féidir é nó í a aimsiú go héasca) de réir mar a leagtar amach i bhFoirm 2 de Sceideal B.

(c) I gcás go mbeifear tar éis capall a dhiúscairt faoi Alt 40(1) den Acht trí dhíol, coimeádfaidh an Chomhairle nó an Ceannfort, as fáltais na díola, méid is comhionann leis na costais (lena n-áirítear costais dlí), táillí agus caiteachais go léir d'aon chineál i ndáil leis an gcapall agus arna dtabhú ag an gComhairle nó ag an gCeannfort, agus déanfar aon iarmhéid a thabhairt ar ais do choimeádaí an chapaill, más eol, nó i gcás nach eol, coimeádfaidh an Chomhairle é.

DAOINE ÚDARAITHE

17. (a) I gcás drochamhras a bheith ar Dhuine Údaraithe nó ar chomhalta den Gharda Síochána go bhfuil na fodhlíthe seo á sárú ag an duine agus go n-ordóidh sé dó nó di éirí as a bheith ag ciontú amhlaidh, géillfidh an duine don ordú ón Duine Údaraithe nó ón gcomhalta den Gharda Síochána.

(b) Féadfaidh Duine Údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána aon chapall a mbeidh cúis ag an duine nó ag an gcomhalta drochamhras a bheith aige nó aici go bhfuil sé á choimeád nó á mharcaíocht nó á thiomáint in aon limistéar de shárú ar na fodhlíthe seo a urghabháil agus a choinneáil.

CIONTA

18. Aon duine a mhainneoidh Fodhlí a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion faoi Alt 46 den Acht.

DRAFT

ARNA dTABHAIRT faoi Ghnáthshéala
CHOMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE an
lá de 2021

_____

OIFIGEACH ÚDARAITHE

_____

PRÍOMH-FHEIDHMEANNACH

_____

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

DRAFT